# DÁIL ÉIREANN

*Déardaoin*, 8 *Iúil*, 2010
*Thursday*, 8*th July*, 2010

---

RIAR NA hOIBRE
ORDER PAPER

*Déardaoin*, 8 *Iúil*, 2010
*Thursday*, 8*th July*, 2010

10.30 a.m.

---

**ORD GNÓ**
**ORDER OF BUSINESS**

***a*11.** Tairiscint *maidir le* Comhaltas Coistí.
Motion *re* Membership of Committees.

**11.** Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ó Dháil Éireann i ndáil le Daingniú Choinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha ag Éirinn [*Arna breithniú ag an Roghchoiste um Chomhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil an 6 Iúil, 2010*].
Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann of the Ratification by Ireland of the Stockholm Convention on Persistent Organic Pollutants [*Considered by the Select Committee on the Environment, Heritage and Local Government on 6th July, 2010*].

**11*a*.** Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil le téarmaí an Chomhaontaithe idir Éire agus an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta maidir le hIasachtaí a Fháil a tharchur chuig Roghchoiste.
Motion *re* Referral to Select Committee of proposed approval by Dáil Éireann of the terms of the Borrowing Agreement between Ireland and the International Monetary Fund.

**11*b*.** Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil leis an Dréacht-Ordú um Choimisiún Imscrúdúcháin (an Earnáil Bhaincéireachta) 2010.
Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann of the draft Commission of Investigation (Banking Sector) Order 2010.

**11*c*.** Tairiscint *maidir le* ceachtanna beartais mhaicreacnamaíoch mar atá leagtha amach sa Tuarascáil le Klaus Regling agus Max Watson dar teideal "Réamhthuarascáil maidir le Foinsí Ghéarchéim Baincéireachta na hÉireann" a Tharchur chuig Comhchoiste.
Motion *re* Referral to Joint Committee of macro-economic policy lessons as set out in the Report by Klaus Regling and Max Watson entitled "A Preliminary Report on The Sources of Ireland's Banking Crisis".

**19.** An Bille um Bunachais Pórúcháin Madraí 2009 [*Seanad*] — An Dara Céim (*atógáil*).
Dog Breeding Establishments Bill 2009 [*Seanad*] — Second Stage (*resumed*).

**20.** (*l*) An Bille um Nós Imeachta Coiriúil 2009 [*Seanad*] — Ordú don Tuarascáil.
(*a*) Criminal Procedure Bill 2009 [*Seanad*] — Order for Report.

**22.** An Bille um Fhorbairtí Ilaonad 2009 [*Seanad*] — An Dara Céim (*atógáil*).
Multi-Unit Developments Bill 2009 [*Seanad*] — Second Stage (*resumed*).

P.T.O.

## FÓGRA I dTAOBH GNÓ NUA
## NOTICE OF NEW BUSINESS

**15*a*.** Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil le téarmaí an Chomhaontaithe idir Éire agus an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta maidir le hIasachtaí a Fháil.

Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann of the terms of the Borrowing Agreement between Ireland and the International Monetary Fund.

**15*b*.** Tairiscint *maidir leis* an Togra go nglacann Dáil Éireann an Tuarascáil ón gComhchoiste um Ghnóthaí Eorpacha agus ón gComhchoiste um Ghrinnscrúdú Eorpach maidir leis an Athbhreithniú ar Ról an Oireachtais i nGnóthaí Eorpacha.

Motion *re* Proposal that Dáil Éireann adopts the Report of the Joint Committee on European Affairs and the Joint Committee on European Scrutiny on the Review of the Role of the Oireachtas in European Affairs.

**I dTOSACH GNÓ PHOIBLÍ**
**AT THE COMMENCEMENT OF PUBLIC BUSINESS**

*Billí a thionscnamh : Initiation of Bills*

*Tabhairt Isteach:*
*Introduction*:

**10*a*.** An Bille um Rialú Foirgníochta (Leasú) 2010 — An Chéad Chéim.
Building Control (Amendment) Bill 2010 — First Stage.

Bille dá ngairtear Acht do leasú an Achta um Rialú Foirgníochta 2007.

Bill entitled an Act to amend the Building Control Act 2007.

*—John O'Donoghue.*

---

*Fógraí Tairisceana : Notices of Motions*

***a*11.** "Go ndéanfar an Teachta Tomás P. Ó Bracháin a urscaoileadh ón gCoiste um Chuntais Phoiblí agus an Teachta Pádraic Ó Coinín a cheapadh ina ionad.

That Deputy Thomas P. Broughan be discharged from the Committee of Public Accounts and that Deputy Pat Rabbitte be appointed in substitution for him.

Go ndéanfar an Teachta Seán Ó Bairéad a urscaoileadh ón gComhchoiste um Athrú Aeráide agus Áirithiú Fuinnimh agus an Teachta Donnchadh Mac Fhionnlaoich a cheapadh ina ionad.

That Deputy Seán Barrett be discharged from the Joint Committee on Climate Change and Energy Security and that Deputy Dinny McGinley be appointed in substitution for him.

Go ndéanfar an Teachta Leo Varadkar a urscaoileadh ón gComhchoiste um Ghnóthaí Rialála Geilleagair agus an Teachta Seán Ó Poire a cheapadh ina ionad.

That Deputy Leo Varadkar be discharged from the Joint Committee on Economic Regulatory Affairs and that Deputy John Perry be appointed in substitution for him.

Go ndéanfar an Teachta Seosamh Mac Coistealbha a urscaoileadh ón gComhchoiste um Ghrinnscrúdú Eorpach agus an Teachta Breandán Ó Húilín a cheapadh ina ionad.

That Deputy Joe Costello be discharged from the Joint Committee on European Scrutiny and that Deputy Brendan Howlin be appointed in substitution for him.

Go ndéanfar an Teachta Mícheál Ó Nuanáin a urscaoileadh ón gComhchoiste um an Leasú Bunreachta maidir le Leanaí agus an Teachta Cathal Ó Flannagáin a cheapadh ina ionad.

That Deputy Michael Noonan be discharged from the Joint Committee on the Constitutional Amendment on Children and that Deputy Charles Flanagan be appointed in substitution for him.

Go ndéanfar an Teachta Síomón Ó Cómhanaigh a urscaoileadh ón Roghchoiste um Chumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha agus an Teachta Leo Varadkar a cheapadh ina ionad.

That Deputy Simon Coveney be discharged from the Select Committee on Communications, Energy and Natural Resources and that Deputy Leo Varadkar be appointed in substitution for him.

Go ndéanfar an Teachta Frank Feighan a urscaoileadh ón Roghchoiste um Oideachas agus Scileanna agus an Teachta Fergus Ó

That Deputy Frank Feighan be discharged from the Select Committee on Education and Skills and that Deputy Fergus O'Dowd be

Dubhda a cheapadh ina ionad.

appointed in substitution for him.

Go ndéanfar an Teachta Leo Varadkar a urscaoileadh ón Roghchoiste um Fhiontair, Trádáil agus Nuálaíocht agus an Teachta Risteárd de Briotún a cheapadh ina ionad.

That Deputy Leo Varadkar be discharged from the Select Committee on Enterprise, Trade and Innovation and that Deputy Richard Bruton be appointed in substitution for him.

Go ndéanfar na Teachtaí Liam Ó Toimín agus Seosamh Mac Coistealbha a urscaoileadh ón Roghchoiste um Ghnóthaí Eorpacha agus na Teachtaí Seán Ó Bairéad agus Breandán Ó Húilín a cheapadh ina n-ionad.

That Deputies Billy Timmins and Joe Costello be discharged from the Select Committee on European Affairs and that Deputies Seán Barrett and Brendan Howlin be appointed in substitution for them.

Go ndéanfar an Teachta Seán Ó Bairéad a urscaoileadh ón Roghchoiste um Airgeadas agus an tSeirbhís Phoiblí agus an Teachta Mícheál Ó Nuanáin a cheapadh ina ionad.

That Deputy Seán Barrett be discharged from the Select Committee on Finance and the Public Service and that Deputy Michael Noonan be appointed in substitution for him.

Go ndéanfar an Teachta Mícheál Ó Nuanáin a urscaoileadh ón Roghchoiste um Ghnóthaí Eachtracha agus an Teachta Seán Ó Bairéad a cheapadh ina ionad.

That Deputy Michael Noonan be discharged from the Select Committee on Foreign Affairs and that Deputy Seán Barrett be appointed in substitution for him.

Go ndéanfar na Teachtaí Cathal Ó Flannagáin agus Séamus Ó Duibhneacháin a urscaoileadh ón Roghchoiste um Dhlí agus Ceart, Cosaint agus Cearta na mBan agus na Teachtaí Alan Shatter agus Daithí Standúin a cheapadh ina n-ionad.

That Deputies Charles Flanagan and Jimmy Deenihan be discharged from the Select Committee on Justice, Defence and Women's Rights and that Deputies Alan Shatter and David Stanton be appointed in substitution for them.

Go ndéanfar an Teachta Olwyn Nic Ionnrachtaigh a urscaoileadh ón Roghchoiste um Choimirce Shóisialach agus an Teachta Micheál Ó Rinn a cheapadh ina hionad.

That Deputy Olwyn Enright be discharged from the Select Committee on Social Protection and that Deputy Michael Ring be appointed in substitution for her.

Go ndéanfar na Teachtaí Máire Bean de Faoite (*Aire Stáit ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta*), Oilibhia Mistéil agus Micheál Ó Rinn a urscaoileadh ón Roghchoiste um Ghnóthaí Turasóireachta, Cultúir, Spóirt, Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta agus na Teachtaí Pól Ó Gógartaigh, Séamus Ó Duibhneacháin agus Frank Feighan a cheapadh ina n-ionad.

That Deputies Mary Alexandra White (*Minister of State at the Department of Community, Equality and Gaeltacht Affairs*), Olivia Mitchell and Michael Ring be discharged from the Select Committee on Tourism, Culture, Sport, Community, Equality and Gaeltacht Affairs and that Deputies Paul Gogarty, Jimmy Deenihan and Frank Feighan be appointed in substitution for them.

Go ndéanfar na Teachtaí Fergus Ó Dubhda agus Tomás P. Ó Bracháin a urscaoileadh ón Roghchoiste um Iompar agus na Teachtaí Síomón Ó Cómhanaigh agus Seosamh Mac Coistealbha a cheapadh ina n-ionad.

That Deputies Fergus O'Dowd and Thomas P. Broughan be discharged from the Select Committee on Transport and that Deputies Simon Coveney and Joe Costello be appointed in substitution for them."

*—Seán Ó Curráin, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh.*

**11.** "Go gceadaíonn Dáil Éireann de réir Airteagal 29.5.2 de Bhunreacht na hÉireann, Éire do dhaingniú Choinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha, arna shíniú ag Éirinn i Stócólm an 23 Bealtaine 2001, ar leagadh cóipeanna de faoi bhráid Dháil Éireann an 29 Meitheamh, 2010.

That Dáil Éireann approves in accordance with Article 29.5.2 of Bunreacht na hÉireann, the ratification by Ireland of the Stockholm Convention on Persistent Organic Pollutants, as signed by Ireland in Stockholm on 23rd May, 2001, copies of which were laid before Dáil Éireann on 29th June, 2010."

*—An tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.*

---

**11*a*.** "Go ndéanfar an togra go gceadaíonn Dáil Éireann, de bhun Airteagal 29.5.2° de Bhunreacht na hÉireann, téarmaí an Chomhaontaithe idir Éire agus an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta maidir le hIasachtaí a Fháil, a síníodh an 3 Feabhra, 2010, ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann an 23 Feabhra, 2010, a tharchur chuig an Roghchoiste um Airgeadas agus an tSeirbhís Phoiblí de réir mhír (1) d'Orduithe Tagartha an Choiste sin, agus go ndéanfaidh an Roghchoiste sin teachtaireacht a chur chuig an Dáil ar an modh a fhorordaítear i mBuan-Ordú 87, agus go mbeidh feidhm dá réir ag Buan-Ordú 86(2).

That the proposal that Dáil Éireann, pursuant to Article 29.5.2º of Bunreacht na hÉireann, approves the terms of the Borrowing Agreement between Ireland and the International Monetary Fund, signed on 3rd February, 2010, a copy of which was laid before Dáil Éireann on 23rd February, 2010, be referred to the Select Committee on Finance and the Public Service in accordance with paragraph (1) of the Orders of Reference of that Committee, which shall send a message to the Dáil in the manner prescribed in Standing Order 87, and Standing Order 86(2) shall accordingly apply."

*—Seán Ó Curráin, Aire Stáit ag Roinn an Taoisigh.*

---

**11*b*.** "Go ndéanann Dáil Éireann:

— ag féachaint don údar suntasach imní poiblí arb é raon agus costas na mbeart ab éigean a ghlacadh chun earnáil bhaincéireachta na hÉireann a chobhsú;

— á thabhairt dá haire moltaí na dTuarascálacha 'Géarchéim Baincéireachta na hÉireann – Beartas Rialála agus Cobhsaíochta Airgeadais 2003-2008', le Gobharnóir an Bhainc Ceannais, agus 'Réamhthuarascáil maidir le Foinsí Ghéarchéim Baincéireachta na hÉireann', le Klaus Regling agus Max Watson, a leagadh faoi bhráid Dháil Éireann an 9 Meitheamh, 2010;

— á thabhairt dá haire Cinneadh an Rialtais an 9 Meitheamh, 2010 lenar tarchuireadh na Tuarascálacha sin chuig an gComhchoiste Oireachtais um Airgeadas

That Dáil Éireann:

— having regard to the significant public concern about the scope and cost of measures that have been necessary to stabilise the Irish banking sector;

— noting the recommendations of the Reports, 'The Irish Banking Crisis: Regulatory and Financial Stability Policy 2003-2008', by the Governor of the Central Bank, and 'A Preliminary Report on The Sources of Ireland's Banking Crisis', by Klaus Regling and Max Watson, which were laid before Dáil Éireann on 9th June, 2010;

— noting the Government Decision of 9th June, 2010 referring these Reports to the Joint Oireachtas Committee on Finance and the Public Service for its

P.T.O.

agus an tSeirbhís Phoiblí chun go ndéanfaidh sé breithniú orthu agus ionchur a thabhairt in ullmhú Téarmaí Tagartha do Choimisiún Imscrúdúcháin;

— á thabhairt dá haire go nglacann an Rialtas leis na seacht gcroícheacht beartais a leagtar amach i gCuid IV den Tuarascáil le Klaus Regling agus Max Watson agus leis an moladh chun na ceachtanna beartais mhaicreacnamaíochta ag éirí as na Tuarascálacha a tharchur chuig an gComhchoiste Oireachtais um Airgeadas agus an tSeirbhís Phoiblí chun tuilleadh breithnithe a dhéanamh ina dtaobh;

— á thabhairt dá haire gurb é tuairim an Aire Airgeadais gur trí Choimisiún Imscrúdúcháin is fearr a dhéanfar imscrúdú breise ar fhaillíocha tromchúiseacha sonracha i leith foras creidmheasa sonraithe;

— á thabhairt dá haire thairis sin go ndearnadh dréacht-Ordú a bheartaíonn an Rialtas a dhéanamh faoin Acht um Choimisiúin Imscrúdúcháin 2004 (Uimh. 23 de 2004) a leagan go cuí faoi bhráid Dháil Éireann i leith na nithe sin roimhe seo dá dtagraítear, mar aon le ráiteas ar na cúiseanna le Coimisiún a bhunú faoin Acht;

an dréacht-Ordú um Choimisiún Imscrúdúcháin (an Earnáil Bhaincéireachta) 2010 a cheadú, ar leagadh cóipeanna de faoi bhráid Dháil Éireann an 7 Iúil, 2010.

consideration and input into the preparation of the Terms of Reference for a Commission of Investigation;

— noting the acceptance by the Government of the seven key policy lessons outlined in Part IV of the Report by Klaus Regling and Max Watson and the proposal to refer for further consideration by the Joint Oireachtas Committee on Finance and the Public Service the macro-economic policy lessons arising from the Reports;

— noting that it is the opinion of the Minister for Finance that a Commission of Investigation represents the best method of further investigation of specific serious lapses in respect of specified credit institutions;

— further noting that a draft Order proposed to be made by the Government under the Commissions of Investigation Act 2004 (No. 23 of 2004) has been duly laid before Dáil Éireann in respect of the foregoing matters referred to, together with a statement of reasons for establishing the Commission under the Act;

approves the draft Commission of Investigation (Banking Sector) Order 2010, copies of which were laid before Dáil Éireann on 7th July, 2010."

*—An tAire Airgeadais.*

---

**11*c*.** "Go n-iarrann Dáil Éireann ar an gComhchoiste um Airgeadas agus an tSeirbhís Phoiblí, na Tuarascálacha seo a leanas a bhreithniú:

— 'Géarchéim Baincéireachta na hÉireann: Beartas Rialála agus Cobhsaíochta Airgeadais 2003-2008' le Gobharnóir an Bhainc Ceannais, agus

— 'Réamhthuarascáil maidir le Foinsí Ghéarchéim Baincéireachta na hÉireann', le Klaus Regling agus Max Watson,

a leagadh faoi bhráid Dháil Éireann an 9

That Dáil Éireann requests the Joint Committee on Finance and the Public Service, to consider the following Reports:

— 'The Irish Banking Crisis: Regulatory and Financial Stability Policy 2003-2008', by the Governor of the Central Bank, and

— 'A Preliminary Report on The Sources of Ireland's Banking Crisis', by Klaus Regling and Max Watson,

which were laid before Dáil Éireann on 9th

Meitheamh, 2010; agus

agus na tograí AE atá ag teacht chun cinn i ndáil le rialachas fioscach agus eacnamaíoch á gcur i gcuntas, a phléití a thabhairt chun críche faoin 30 Deireadh Fómhair, 2010 agus a fhionnachtana agus a thátail a fhoilsiú agus a thuairisciú do Dháil Éireann tráth nach déanaí ná an 4 Samhain, 2010 maidir leis na croícheachtanna beartais seo a leanas i ndáil le bainistiú maicreacnamaíoch a leagtar amach sa tuarascáil le Klaus Regling agus Max Watson:

— ról an bhainistithe agus an fhaireacháin mhaicreacnamaíoch chun inmharthanacht fhadtéarma fheidhmíocht eacnamaíochta na hÉireann a áirithiú agus freisin chun freagairt go tráthúil do phriacail agus do neamhchomharduithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn in earnálacha príobháideacha agus poiblí an gheilleagair, lena n-áirítear neamhchomharduithe seachtracha vis-à-vis Ballstáit eile limistéar an Euro agus maoiniú aon neamhchomarduithe a d'fhéadfadh teacht chun cinn;

— ról an bheartais fhioscaigh chun a áirithiú go ndéantar an timthriall gnó náisiúnta a ailíniú go cuí le dálaí airgeadaíochta sa gheilleagar;

— an ceanglas go gcuirfear cineál timthriallach ioncam áirithe chomh maith lena chineál sealadach in imthosca áirithe i gcuntas le linn beartais bhuiséadacha agus chánachais a dhearadh agus a sheoladh d'fhonn bonn cánach cuí agus éifeachtach a chothabháil; agus

— an chúis ar son struchtúir institiúideacha nua a bhunú chun bailíochtú neamhspleách réamh-mheastachán eacnamaíoch agus fioscach a sholáthar agus chun rialacha fioscacha meántéarma baile a thabhairt isteach.

June, 2010; and

taking account of the emerging EU proposals relating to fiscal and economic governance, to conclude its deliberations by 30th October, 2010 and to publish and report back to Dáil Éireann its findings and conclusions no later than 4th November, 2010 on the following key policy lessons in relation to macro-economic management set out in the report by Klaus Regling and Max Watson:

— the role of macro-economic management and surveillance in securing the long-term sustainability of Ireland's economic performance and also in responding on a timely basis to risks and imbalances that may build-up in both the private and the public sectors of the economy, including external imbalances vis-à-vis other Euro area members and the funding of any imbalances that might arise;

— the role of fiscal policy in securing an appropriate alignment of the national business cycle with monetary conditions in the economy;

— the requirement for the design and conduct of budgetary and taxation policies to take account of the cyclical nature of particular revenues as well as their temporary nature in certain circumstances in order to maintain an appropriate and effective tax base; and

— the case for the establishment of new institutional structures to provide an independent validation of economic and fiscal projections as well as for the introduction of domestic medium-term fiscal rules."

*—An tAire Airgeadais.*

---

**15*a*.** "Go gceadaíonn Dáil Éireann, de bhun

That Dáil Éireann, pursuant to Article 29.5.2°

Airteagal 29.5.2° de Bhunreacht na hÉireann, téarmaí an Chomhaontaithe idir Éire agus an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta maidir le hIasachtaí a Fháil, a síníodh an 3 Feabhra, 2010, ar leagadh cóip de faoi bhráid Dháil Éireann an 23 Feabhra, 2010.

of Bunreacht na hÉireann, approves the terms of the Borrowing Agreement between Ireland and the International Monetary Fund, signed on 3rd February, 2010, a copy of which was laid before Dáil Éireann on 23rd February, 2010."

*—An tAire Airgeadais.*

---

**15*b*.** "Go nglacann Dáil Éireann an Tuarascáil ón gComhchoiste um Ghnóthaí Eorpacha agus ón gComhchoiste um Ghrinnscrúdú Eorpach maidir leis an Athbhreithniú ar Ról an Oireachtais i nGnóthaí Eorpacha (Tuarascáil ón gComh-Fhochoiste), ar leagadh cóipeanna di faoi bhráid Dháil Éireann an 7 Iúil, 2010.

That Dáil Éireann adopts the Report of the Joint Committee on European Affairs and the Joint Committee on European Scrutiny on the Review of the Role of the Oireachtas in European Affairs (Report of the Joint sub-Committee), copies of which were laid before Dáil Éireann on 7th July, 2010."

*—Bernard J. Durkan, Chairman of the Joint Committee on European Affairs and John Perry, Chairman of the Joint Committee on European Scrutiny.*
[8 *July*, 2010]

---

## ORDUITHE AN LAE
## ORDERS OF THE DAY

**19.** An Bille um Bunachais Pórúcháin Madraí 2009 [*Seanad*] — An Dara Céim (*atógáil*).
Dog Breeding Establishments Bill 2009 [*Seanad*] — Second Stage (*resumed*).

---

**20.** (*l*) An Bille um Nós Imeachta Coiriúil 2009 [*Seanad*] — Ordú don Tuarascáil.
(*a*) Criminal Procedure Bill 2009 [*Seanad*] — Order for Report.

---

**22.** An Bille um Fhorbairtí Ilaonad 2009 [*Seanad*] — An Dara Céim (*atógáil*).
Multi-Unit Developments Bill 2009 [*Seanad*] — Second Stage (*resumed*).

---

## MEMORANDA

*Déardaoin*, 8 *Iúil*, 2010
*Thursday*, 8*th July*, 2010

Cruinniú den Chomhchoiste um Airgeadas agus an tSeirbhís Phoiblí i Seomra Coiste 2, TL2000, ar 9.30 a.m.
Meeting of the Joint Committee on Finance and the Public Service in Committee Room 2, LH2000, at 9.30 a.m.

---

Cruinniú den Choiste um Chuntais Phoiblí i Seomra Coiste 1, TL2000, ar 10 a.m.
Meeting of the Committee of Public Accounts in Committee Room 1, LH2000, at 10 a.m.

---

Cruinniú den Chomhchoiste um Ghnóthaí Eorpacha i Seomra Coiste 4, TL2000, ar 11.30 a.m.
Meeting of the Joint Committee on European Affairs in Committee Room 4, LH2000, at 11.30 a.m.

---

Cruinniú den Choiste um Nós Imeachta agus Pribhléidí Dháil Éireann i Seomra 2 (isteach ón bPríomh-Halla), Teach Laighean, ar 1.30 p.m. *(príobháideach).*
Meeting of the Committee of Procedure and Privileges of Dáil Éireann in Room 2 (off the Main Hall), Leinster House, at 1.30 p.m. *(private).*

---

Comhchruinniú den Chomhchoiste um Athrú Aeráide agus Áirithiú Fuinnimh agus den Chomhchoiste um Chumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha i Seomra Coiste 3, TL2000, ar 3 p.m.
Joint meeting of the Joint Committee on Climate Change and Energy Security and the Joint Committee on Communications, Energy and Natural Resources in Committee Room 3, LH2000, at 3 p.m.

---

## SCRÍBHINNÍ A LEAGADH FAOI BHRÁID NA DÁLA
## DOCUMENTS LAID BEFORE THE DÁIL

*Reachtúil:*

1) Na Rialacháin um an Scéim Chlibeála Bradán Fiáin agus Breac Geal Fiáin 2010 (I.R. Uimh. 323 de 2010)

2) Na Rialacháin Iascaigh Intíre (Fógra maidir le Muirir Sheasta) 2010 (I.R. Uimh. 324 de 2010).

3) Togra le haghaidh Rialacháin ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2488/2000 lena gcoimeádtar calcadh cistí i ndáil leis an Uasal Milosevic agus na daoine sin atá bainteach leis mar aon le nóta faisnéise míniúcháin. COM (2010) 217.

4) Togra le haghaidh Rialacháin (AE) Uimh. ../2010 ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1763/2003 lena bhforchuirtear bearta sriantacha áirithe chun tacú le cur i ngníomh éifeachtach shainordú an Bhinse Choiriúil Idirnáisiúnta don iar-Iúgslaiv (ICTY) mar aon le nóta faisnéise míniúcháin.
COM (2010) 218.

*Statutory:*

1) Wild Salmon and Sea Trout Tagging Scheme Regulations 2010 (S.I. No. 323 of 2010).

2) Inland Fisheries (Fixed Charge Notice) Regulations 2010 (S.I. No. 324 of 2010).

3) Proposal for a Council Regulation amending Regulation (EC) No. 2488/2000 maintaining a freeze of funds in relation to Mr Milosevic and those persons associated with him together with explanatory information note. COM (2010) 217.

4) Proposal for a Council Regulation (EU) No ../2010 amending Regulation (EC) No. 1763/2004 imposing certain restrictive measures in support of effective implementation of the mandate of the International Criminal Tribunal for the former Yugoslavia (ICTY) together with explanatory information note.
COM (2010) 218.

P.T.O.

5) Dréacht-Ordú um Choimisiún Imscrúdúcháin (an Earnáil Baincéireachta) 2010 mar aon le Ráiteas ar na cúiseanna leis an gCoimisiún a bhunú.

5) Draft Commission of Investigation (Banking Sector) Order 2010 accompanied by Statement of reasons for establishing Commission.

6) Fiontraíocht Éireann. Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais, 2009 mar aon le hÍocaíochtaí Tacaíochta Airgeadais le Cliant-Chuideachtaí, an bhliain dár chríoch 31 Nollaig, 2009.

6) Enterprise Ireland. Annual Report and Accounts, 2009 accompanied by Financial Support Payments to Client Companies, year ended 31 December, 2009.

7) Ráiteas i leith Comhairleora Speisialta don Aire Stáit ag an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, agus freagracht speisialta air maidir le Bia agus Gairneoireacht, Trevor Sargent, T.D., don tréimhse 22 Aibreán, 2009 go 31 Nollaig, 2009, de réir na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 [10 Meitheamh, 2010].

7) Statement in respect of Special Adviser to the Minister of State at the Department of Agriculture, Fisheries and Food, with responsibility for Food and Horticulture, Trevor Sargent, T.D., for the period 22 April, 2009 to 31 December, 2009, in accordance with the Ethics in Public Office Acts 1995 and 2001.
[10 June, 2010].

*Neamhreachtúil:*

*Non-Statutory:*

1) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Sláinteachas Bia agus Beatha) (Leasú) 2010 (I.R. Uimh. 312 de 2010).

1) European Communities (Food and Feed Hygiene) (Amendment) Regulations 2010 (S.I. No. 312 of 2010).

2) Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Caighdeáin Mhargaíochta le haghaidh Feola Éanlaithe Clóis) (Leasú) 2010 (I.R. Uimh. 328 de 2010).

2) European Communities (Marketing Standards for Poultrymeat) (Amendment) Regulations 2010 (S.I. No. 328 of 2010).

3) An Conradh ar an Aontas Eorpach: Doiciméid a fuarthas de bhun an Phrótacail maidir le ról Parlaimintí Náisiúnta san Aontas Eorpach. 28 Meitheamh go 2 Iúil, 2010.

3) Treaty on European Union: Documents received pursuant to Protocol on the role of National Parliaments in the European Union. 28 June to 2 July, 2010.

4) Na Rialacha Cúirte Dúiche (Forghníomhú Orduithe Cothabhála) 2010 (I.R. Uimh. 325 de 2010).

4) District Court (Enforcement of Maintenance Orders) Rules 2010 (S.I. No. 325 of 2010).

5) Tithe an Oireachtais. An Comhchoiste um Chumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha. An Tríú Tuarascáil – Seirbhís Gearrtheachtaireachtaí (SMS) mar Chainéal Rabhaidh Éigeandála don Phobal. Iúil, 2010.

5) Houses of the Oireachtas. Joint Committee on Communications, Energy and Natural Resources. Third Report - SMS as an Emergency Warning Channel to the Public. July, 2010.

6) Scéim na nOrduithe Iarscaoilte Saor (Srianta le Gníomhaíochtaí Áirithe) 2010 (I.R. Uimh. 330 de 2010).

6) Post-Release (Restrictions on Certain Activities) Orders Scheme 2010 (S.I. No. 330 of 2010).

7) Athbhreithniú ar Luach ar Airgead agus Beartas maidir le Clár Forbartha Inniúlachta FÁS 2006.

7) Value for Money and Policy Review of the FAS Competency Development Programme 2006.

8) Doiciméid Chomhairliúcháin i leith Dhréacht-Fhodhlíthe Uiscebhealaí Éireann (Éire).

8) Consultation Documents in respect of Draft Waterways Ireland Bye-Laws (Ireland).

9) Tithe an Oireachtais. An Comhchoiste um Ghnóthaí Eorpacha. An Comhchoiste um Ghrinnscrúdú Eorpach. Tuarascáil: Athbhreithniú ar Ról an Oireachtais i nGnóthaí Eorpacha. 7 Iúil, 2010.

9) Houses of the Oireachtas. Joint Committee on European Affairs. Joint Committee on European Scrutiny. Report: Review of the Role of the Oireachtas in European Affairs.7 July, 2010.